Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte –bagairt ar shábháilteacht othar san Eoraip

In 2016 agus 2017, rinne ECDC comhordú ar shuirbhéanna maidir le leitheadúlacht trátha chun sonraí a bhailiú i ndáil le hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte in ospidéil agus in áiseanna cúraim fhadtéarmaigh i dtíortha AE/LEE. Cé gur féidir roinnt ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chóireáil go héasca, féadfaidh cinn eile tionchar tromchúiseach a bheith acu ar shláinte an othair, rud a mhéadaíonn an tréimhse a chaitheann siad san ospidéal agus na costais ospidéil araon. Bíonn HAInna in ospidéil amháin ina gcúiseanna le níos mó básanna san Eoraip ná aon ghalar tógálach eile atá faoi fhaireachas ag ECDC.

Ar aon lá áirithe:

Bíonn ionfhabhtú amháin a bhaineann le cúram sláinte ar a laghad ag othar ospidéil

as gach 15 othar.

Tá ionfhabhtú amháin ar a laghad a bhaineann le cúram sláinte ag

98 000 othar

Tá ionfhabhtú amháin ar a laghad a bhaineann le cúram sláinte ag

1 as 26 cónaitheoirí i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh.

Tá ionfhabhtú amháin ar a laghad a bhaineann le cúram sláinte ag

130 000 cónaitheoirí.

Fíricí

Meastar gur tharla 8.9 milliún ionfhabhtú a bhain le cúram sláinte gach bliain in ospidéil san Eoraip agus in áiseanna cúraim fhadtéarmaigh araon.

Bíonn ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte in ospidéil (mar shampla, niúmóine, ionfhabhtú i gcréacht máinliachta agus baictéiréime) níos déine de ghnáth ná ionfhabhtuithe a bhain le cúram sláinte in áiseanna cúraim fhadtéarmaigh (mar shampla, ionfhabhtuithe riospráide seachas niúmóine, ionfhabhtuithe chonair an fhuail agus ionfhabhtuithe craicinn agus fíochán bog).

Meastar go bhfuil níos mó ná leath d'ionfhabhtuithe ar leith i a bhaineann le cúram sláinte inchoiscthe.

Tarlaíonn 8.9 milliún ionfhabhtú a bhaineann le cúram sláinte





Samplaí micribhitheolaíocha

Déantar HAInna a chóireáil go minic gan samplaí micribhitheolaíocha a ghlacadh nó bíonn samplaí diúltach fós.

Miocrorgánaigh

Sainaithníodh an miocrorgánach a bhí freagrach i 53% d'ionfhabhtuithe a bhain le cúram sláinte in ospidéil ach níor sainaithníodh ach 19% d'ionfhabhtuithe a bhain le cúram sláinte in áiseanna cúraim fhadtéarmaigh.

Frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach

Bhí 1 bhaictéar as 3 bhaictéar a bhain le hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte, in ospidéil agus in áiseanna cúraim fhadtéarmaigh araon, frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach.

Bearta chun ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc

Cosc agus rialú ionfhabhtuithe, lena n-áirítear slainteachas láimhe chomh maith le scagadh i leith iompar baictéar/ionfhabhtaithe atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí agus iompróirí/othair ionfhabhtaithe a leithlisiú.

Cláir mhaoirseachta fhrithmhiocróbacha.

Oiliúint do gach ball foirne cúraim sláinte.

Faisnéis fheabhsaithe d'othair, do chónaitheoirí agus dá ngaolta faoi na rudaí is féidir leo féin a dhéanamh chun ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus antaibheathaigh a úsáid go stuama.

Faireachas ar ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Tacaíocht feabhsaithe saotharlainne micribhitheolaíochta in ospidéil agus go háirithe in áiseanna cúraim fhadtéarmaigh.

ecdc.europa.eu
antibiotic.ecdc.europa.eu

#KeepAntibioticsWorking
#EAAD